Broadcasting Commission of Ireland
Coimisiún Craolacháin na hÉireann

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE TUAIRISCIÚ AR AN REIFREANN AR CHONRADH LIOSPÓIN AGUS AR LEASUITHE AR AN MBUNREACHT A BHAINEANN 2009

1. Ginearálta

Tá sé i gceist ag na treoirlínte seo, atá á n-eisiúint de réir Ailt 9 den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 ("Acht na Bliana 1988") agus Alt 18 den Acht Craolacháin, 2001 ("Acht na Bliana 2001), breac-chuntas a thabhairt ar an gcur chuige ar chóir do chraoltóirí a ghlacadh ina dtuairisciú ar an Reifreann ar Chonradh Liospóin agus ar leasuithe bunreachta a bhaineann. Baineann na treoirlínte seo le tuairisciú ar an Reifreann agus ar leasuithe bunreachta a bhaineann a iompraítear ar aon seirbhís ceadúnaithe de réir fhorálacha Achta na bliana 1988 nó Achta na bliana 2001 (a thagraítear dóibh anseo mar 'chraoltóirí').

Tagann na treoirlínte seo i bhfeidhm ón 7 Lúnasa 2009. Roimh an dáta sin, ní mór do chraoltóirí cloí leis na ceangaltais ghinearálta atá leagtha síos de réir Achta na bliana 1988 agus Achta na bliana 2001

Ócáid tábhachtach poiblí is ea reifreann agus tagann sé go soiléir laistigh de réimse na nuachta agus cúrsaí reatha. Ba chóir go mbeadh aon tuairisciú ar cheisteanna a bhaineann leis an reifreann agus leis na leasuithe ar an mbunreacht a bhaineann cóir, neamhchlaonta agus oibiachtúil agus níor chóir go mbeadh aon nochtadh ann ar thuairimí an chraoltóra féin.

Ní mór do chraoltóirí a roghnaíonn tuairisciú a sholáthar ar an reifreann agus ar leasuithe bunreachta a bhaineann meicníochtaí a fhorbairt a bheidh follasach agus ba chóir dóibh cothrom na féinne a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fad. Ba chóir na meicníochtaí sin a mheas agus a fhorbairt go luath agus ba chóir go mbeadh eolas maidir leis an gcur chuige atá á ghlacadh curtha ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad roimh ré.

2. Freagrachtaí Phearsanra Craolacháin

Ba chóir go gcuirfeadh Príomhfheidhmeannach agus Ceannaire Clár (nó a chothrom sin) gach craoltóra iad féin go hiomlán ar an eolas maidir le hábhar na dTreoirlínte seo agus ba chóir dóibh féachaint chuige go gcuirfear gach duine atá freagrach as cláir a ullmhú agus a chraoladh ar an aird fúthu, ach go háirithe iadsan atá freagrach as cláir chúrsaí reatha agus nuachta.

Ba chóir don Cheannaire Clár (nó a chothrom) freagracht díreach a ghlacadh as a chinntiú go bhfuil an tuairisciú ar an Reifreann agus ar leasuithe Bunreachta a bhaineann cóir, oibiachtúil agus neamhchlaonta agus go gcomhlíonann an pearsanra ar fad na Treoirlínte seo go hiomlán.

3. Ceangaltais Reachtúla

Dírítear aird ar na ceangaltais seo a leanas atá leagtha amach do chraoltóirí in Acht na bliana 1988, in Acht na bliana 2001 agus in Acht an Reifrinn, 1998 (mar atá leasaithe ag Acht an Reifrinn, 2001).

(1) An tAcht Raidió agus Teilifíse, 1988-*Alt 9(1)*
"Áiritheoidh gach conraitheoir craolacháin fuaime:-

a) Go ndéanfar an nuacht go léir a chraolfaidh sé, a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon truairimí dá chuid féin a nochtadh;

b) go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcraolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear ábhair is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta poiblí i láthair na huaire, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar craolacháin i láthair go hoibiachtúil agus neamhchlaonta gan aon tuairimí dá chuid féin a nochtadh: Ar choinníoll, i gcás nach mbeidh sé indéanta an mhír seo a chur i bhfeidhm i ndáil le haon chraolachán aonair, go bhféadfar a mheas gur aonad amháin dhá chraolachán ghaolmhara nó níos mó, má tharchuirtear na craolacháin laistigh de thréimhse réasúnach óna chéile."

Alt 9(2)
"(2) Ní choiscfidh aon ní i bhfo-alt (1) (a) nó (1) (b) ar chonraitheoir craolacháin fuaime craolacháin páirtithe polaitíochta a tharchur:

Ar choinníoll nach ndéanfaidh conraitheoir craolacháin fuaime, le linn dó an t-am le haghaidh craolacháin den sórt sin a leithroinnt, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d'aon pháirtí polaitíochta."

Alt 10(3)
" Ní chraolfar aon fhógrán a mbeidh aon chuspóir……polaitíochta ag gabháil leis".

Alt 18(1)
" Na forálacha de chuid III den Acht seo, seachas ailt 7,8 agus 15....beidh feidhm acu maidir leis an gconradh clár teilifíse a dhéanfaidh an Coimisiún agus leis an gconradh seirbhíse clár teilifíse a chuirfear ar fáil faoin gCuid seo den Acht [TV3], agus déanfar aon tagairt i gCuid III den Acht seo do chonraitheoir craolacháin fuaime a fhorléiriú mar thagairt don chonraitheoir seirbhíse clár teilifíse."

Acht na Bliana 2001-*Alt 18*
"The following provisions of the Act of 1988, namely –

a) Paragraphs (a), (b)… of subsection (1)…of section 9, and

b) Section 10(3)

Shall apply to a broadcasting service which consists of a compilation of programme material supplied pursuant to a contract entered into under this Act…"
(Níl an tiontú oifigiúil den Acht seo ar fáil).

Acht an Reifrinn 2001

Alt 1
Leasaítear Acht an Reifrinn, 1988,

(a) Tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) d'alt 3 -

(1) Beidh ag an gCoimisiún, i dteannta aon fheidhmeanna a thugtar dó le haon fhoráil eile den Acht seo, na príomhfheidhmeanna seo a leanas i ndáil leis an reifreann ar ina leith a bhunaítear é:

(a) ráiteas amháin nó níos mó a ullmhú ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar théacs an togra sa Bhille iomchuí agus aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nithe sin agus is cuí leis an gCoimisiún;

(b) na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh i cibé slí agus cibé modh, lena n-áirítear úsáid teilifíse, an raidió agus meán leictreonach eile, is mó is dóigh leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na dtoghlachta orthu agus a áirithiú a mhéid is indéanta, go gcumasóidh siad do dhaoine a bhfuil míchumas radhairc nó éisteachta orthu na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil;

(c) eolas an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus an toghlacht a spreagadh chun vótáil sa vótaíocht."

Acht an Reifrinn 1998

Alt 5(1)

"Ní bheidh feidhm ag Alt 20(4) den Acht um Údarás Craolacháin, 1960 agus Alt 10(3) den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988, maidir le fógráin a chraolfar ar iarraidh ón gCoimisiún i ndáil le hábhar dá dtagraítear in Alt 3 maidir leis an reifreann. "

Alt 5 (3)

" Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán[1], má iarrann an Coimisiún air nó uirthi amhlaidh tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách[2] ("an Coimisiún Neamhspleách") agus tar éis breithniú a dhéanamh ar aon tograí ón gCoimisiún Neamhspleách le haghaidh craoltaí i dtaca leis an reifreann ag conraitheoirí craolacháin fuaime nó conraitheoirí seirbhíse clár teilifíse a chuireann an Coimisiún Neamhspleách in iúl don Choimisiún, a ordú i scríbhinn don Choimisiún Neamhspleách socrú a dhéanamh le haghaidh soláthair seirbhísí le haghaidh an Choimisiúin agus thar a cheann (fara muirear nó gan mhuirear) lena n-áirítear leithroinnt ama craolacháin chun a urasú don Choimisiún a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus déanfaidh an Coimisiún Neamhspleách de réir ordacháin faoin bhfo-alt seo."

[1] Is ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha atá an chumhacht sin anois.
[2] D'athraigh an tAcht Craolacháin 2001 ainm an IRTC go Coimisiún Craolacháin na hÉireann

4. Ceangaltais Ghinearálta

Ba chóir do chraoltóirí a roghnaíonn tuairisciú a dhéanamh ar an reifreann a chinntiú go mbeidh cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht le sonrú in aon nochtadh a thugtar do leasanna Reifrinn ina ngnéchláir agus ina gcláir ar fad.

Tabhair faoi deara nach bhfuil aon cheangaltas ann go dtabharfaí an leithdháileadh ceannann céanna ama craolta do na taobhanna freasúracha le linn tuairiscithe ar an Reifreann. Ní mór don leithdháileadh ama craolta a bheith cothrom do na leasanna ar fad atá i gceist agus ní mór an leithdháileadh sin a dhéanamh go follasach. Ceist eagarthóireachta do chraoltóirí is ea í seo.

Ní cheadaítear do chraoltóirí formhuiniú a thabhairt do leasanna reifrinn agus/nó do thuairimí leasanna den chineál sin.

5. Tuairisciú Nuachta

Ba chóir go ndéanfaí an tuairisciú agus an cur i láthair nuachta ar fad ar bhealach atá oibiachtúil agus neamhchlaonta agus níor chóir go mbeadh aon nochtadh ann ar thuairimí an chraoltóra féin.

6. Cláir Chúrsaí Reatha

Ba chóir go mbeadh tuairisciú ar an Reifreann cothrom do na leasanna ar fad atá i gceist agus ba chóir é a chur i láthair ar bhealach atá oibiachtúil agus neamhchlaonta agus gan aon nochtadh ar thuairimí an chraoltóra féin.

Má tá sé i gceist díriú ar cheisteanna Reifrinn i gcláir den chineál seo, ba chóir an dá thaobh bden díospóireacht a chur i láthair ar an gclár céanna. I gcás go mbíonn sé míphraiticiúil é sin a dhéanamh, is féidir plé le dhá chlár nó níos mó mar aonad amháin an fhaid is go dtarchuirtear na craolacháin sin laistigh de thréimhse reasúnach óna chéile. Ba chóir go mbeadh fáth maith le cur chuige den chineál sin a ghlacadh. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar shliochtanna ó chláir den chineál sin ar chláir eile chun go gcinnteofar cothromaíocht oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht leanúnach agus foriomlán maidir leis an gcaoi a phléitear le tuairimí na leasanna éagsúla.

I gcás cláir a mbíonn gné rannpháirtíochta lucht féachana/éisteachta iontu, ní mór don Cheannaire Clár (nó a

chothrom) a chinntiú go gcuirtear gach taobh den díospóireacht i láthair go cothrom i dtaobh na gceisteanna/na dtuairimí a n-ardaítear iad sa gclár.

7. Craoltaí Páirtí Polaitíochta

Ceadaítear craoltaí neamhchonspóidithe ó pháirtithe polaitíochta atá ar son nó i gcoinne an reifrinn. Ní mór do chraoltóirí a chinntiú, áfach, go bhfaigheann na páirtithe atá ar son an reifrinn agus na páirtithe atá ina choinne an méid ama craolta céanna mar thoradh ar an leithdháileadh iomlán ama.

Níl aon oibligeáid ar chraoltóirí craoltaí páirtí polaitíochta a chraoladh. Má ghlacann craoltóir cinneadh craoltaí neamhchonspóidithe ó pháirtithe polaitíochta a chraoladh ba chóir iad sin a tharchur ag amanna atá dírithe ar lucht féachana/éisteachta atá mar an gcéanna a aimsiú i gcás na gcraoltaí ar fad den chineál sin. Lena chinntiú nach bhfeidhmíonn na craoltaí sin mar fhógráin [rud atá toirmiscthe ag Alt 10(3)], níl sé ceadaithe do chraoltóirí táille a ghearradh le haghaidh craoltaí den chineál sin. Déanfaidh táille de chineál ar bith, táillí léiriúcháin san áireamh, sárú ar Alt 10(3).

8. Fógraíocht

Tá seirbhísí atá ceadúnaithe de réir Ailt 10 (3) d'Acht na bliana 1988 agus Alt 18 (b) d'Acht na bliana 2001 toirmiscthe ó fhógráin a chraoladh atá dírithe ar 'chuspóir polaitíochta'.

Dá bhrí sin, tá fógraíocht do agus ar son leasanna reifrinn a bhfuil sé i gceist aici daoine a spreagadh chun vótála ar bhealach áirithe toirmiscthe go dian. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an srian sin i bhfeidhm maidir le fógraíocht d'ócáidí agus maidir le fógraí le haghaidh cruinnithe etc. a thionólfaidh leasanna reifrinn.

Ní chlúdaíonn an toirmeasc seo fógráin a chraoltar iad ar iarratas ó Choimisiún an Reifrinn.

9. Moratóir

Beidh moratóir ar thuairisciú ar an Reifreann i bhfeidhm **an lá <u>ar fad</u>** sula dtarlaíonn an vótáil agus ar feadh an lae vótála féin **go dtí go ndúnfaidh na stáisiúin vótála** i.e. ó **12.01am ar an Déardaoin 1 Deireadh Fómhair 2009 go dtí 10pm ar an Aoine 2 Deireadh Fómhair 2009.**

Tá dhá chuspóir ag an bhforáil sin atá mar seo a leanas:-

1. Meicníocht bhreise is ea an moratóir lena chinntiú go mbainfidh na meáin chraolacháin ***cothroime agus cothromaíocht*** amach le linn na tréimhse criticiúil seo sa phróiséas vótála. Is tosca iad maidir leis an méid sin an nádúr líneach atá ag cláir raidió agus teilifíse agus nach féidir cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí in aon chraolachán amháin.

2. ***Tréimhse machnaimh*** a thabhairt don lucht vótála i céimeanna deireannacha na díospóireachta ar an Reifreann.

Le linn tréimhse an mhoratóra, ba chóir do chraoltóirí a chinntiú, nach mbeidh aon ábhar ina n-aschur craolacháin a bhaineann go díreach le hábhar Chonradh Liospóin agus/nó leis na leasuithe Bunreachta a bhaineann leis an gConradh, seachas faisnéis fhíriciúil a bhaineann leis an bpróiséas vótála agus nithe eile a bhaineann. Aírítear leis sin ábhar a bhaineann le fiúntas an Chonartha nó a mhalairt agus/nó leis na leasuithe Bunreachta. Tá an srian sin i bhfeidhm maidir leis an bpearsanra ar fad atá ar an aer lena n-áirítear láithreoirí agus ionadaithe ó leasanna agus grúpaí Reifrinn ach níl sé teoranta dóibh sin.

Admhaíonn an Coimisiún na deacrachtaí atá ag déantóirí clár maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir an riachtanais an pobal a choimeád ar an eolas le linn na tréimhse seo agus lena chinntiú nach sáraíonn clár an moratóir. Cé go gcuirfidh an Coimisiún treoir ar fáil ar iarratas, ní dhéanfaidh sé é sin ach amháin ar bhonn ábhair atá molta le haghaidh craolacháin. Léirigh vótaíochtaí roimhe seo an deacracht atá ann cinnteoireacht a dhéanamh gan faisnéis den chineál sin a bheith ann.

- Níl sé i gceist ag an moratóir toirmeasc a chur ar thuairisciú nuachta dlisteanaigh agus ar scéalta chúrsaí reatha nach mbaineann leis an Reifreann le linn na tréimhse seo. **Níor chóir**, áfach, **ábhar** (an nuacht is déanaí san áireamh) a chraoladh **nuair atá sé i gceist aige**, i dtuairim an chraoltóra, **tionchar a bheith aige ar chinntí vótálaithe nó na cinntí sin a ionramháil**.

- Ba chóir féachaint chuige nach mbeidh aon ábhar i **gcláir a ndéantar athchraoladh thar oíche orthu** a sháróidh an moratóir. Comhairlítear do chraoltóirí eagarthóireacht a dhéanamh ar chláir (más féidir) nó **clár malartach** a chur ar an sceideal ionas go seachnófar sárú de thaisme ar an moratóir.

- Tá tuairisciú ar mhíreanna nuachta ar nós **uaireannta oscailte**, **líon lucht vótála**, tuairiscí fíriciúla ar chinnirí pháirtithe polaitíochta agus ionadaithe ó leasanna reifrinn eile etc. **ag caitheamh vóta** incheadaithe le linn tréimhse an mhoratóra an fhaid is go gcomhlíontar na srianta ar ábhar a cuireadh i bhfeidhm i dtaobh tuairisciú Reifrinn le linn na tréimhse sin.

- Ba chóir aird faoi leith a thabhairt maidir le **tuairimí a nochtann aon rannpháirtithe i gcláir** le linn na tréimhse a chlúdaíonn an moratóir.

- Cuimsíonn an moratóir gach réimse cláir lena n-áirítear léirmheasanna nuachtáin, tuairisciú ar phobalbhreitheanna, fógraí faisnéise etc. Tá **aird faoi leith** de dhíth agus tuairim á nochtadh faoi **ailt sna nuachtáin** nó nuair atá tuairisciú á dhéanamh ar ailt den chineál sin toisc nach bhfuil na meáin chló faoi réir moratóra.

TABHAIR FAOI DEARA : **Tagraíonn na treoirlínte seo do Reifreann na bliana 2009 ar chonradh Lisbon agus tá feidhm láithreach leo. Níl sé i gceist acu fasach a bhunú do reifrinn eile agus ní chuireann siad in iúl gur ráiteas cuimsitheach iad ar an dlí. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart na treoirlinte seo a leasú má bhíonn sé den tuairim go bhfuil sé riachtanach nó stuama é sin a dhéanamh. Is féidir leis an gCoimisiún treoir neamhfhoirmeálta a sholáthar, gan dliteanas. Ní chuirfidh sé sin isteach ar an rogha atá aige cinneadh a dhéanamh maidir le cásanna/gearáin iarchraolacháin ná ar a chleachtadh dá dhualgais reachtúla. Ba chóir do chraoltóirí a gcuid comhairle dlí féin a lorg maidir le ceisteanna comhlíontachta.**